

## 5.5

# Cad a Dhéanfaidh Tú Amárach?

Éireoidh mé go luath maidin amárach, timpeall a seacht a chlog. Léimfidh mé amach as an leaba. Ansin rachaidh mé go dtí an seomra folchta. Tógfaidh mé cith agus nífidh mé mè fein. Siúlfaidh mé ar ais go dtí an seomra codlata agus cuirfidh mé mo chuid éadaigh orm. Ansin siúlfaidh mé síos an staighre agus isteach sa chistin. Ullmhóidh mé mo bhricfeasta. Íosfaidh mé calóga arbhair agus ólfaidh mé cupán tae. Nuair a bheidh mo bhricfeasta ite agam, gheobhaidh mé mo mhála agus mo chóta. Fágfaidh mé slán ag mo chlann agus rachaidh mé amach an doras.

Beidh mé déanach agus rithfidh mé síos an bóthar mar beidh mo bhus ag teacht. Tiocfaidh an bus ar deich tar éis a hocht agus sroichfidh mé an scoil ar ceathrú chun a naoi. Feiofidih mé mo chairde agus tosóidh mé ag caint leo. Ar a naoi a chlog buailfidh an cloch agus tosóidh na ranganna. Sa rang tógfaidh mé mo leabhair amach, éistidh mé leis an múinteoir, scriobhfaidh mé i mo chóipleabhar agus freagróidh mé na ceisteanna. Críochnóidh an scoil ar deich chun a ceathair agus rithfidh mé amach doras na scoile go dtí stad an bhus. Tiocfaidh an bus ar deich tar éis a ceathair agus rachaidh mé abhaile. Nuair a shroichfidh mé baile, ólfaidh mé Coke agus imreoidh mé ar mo PlayStation. Ar a sé a chlog cloisfidh mé mo nham ag teacht abhaile. Inseoidh mé di cad a tharla ar scoil. Tar éis tamaill íosfaimid an dinnéar sa seomra bia. Tar éis an dinnéir féachfaidh mé ar an teiliúis ar feadh tamaill. Ansin déanfaidh mé m'obair bhaile. Rachaidh mé a chodlach timpeall a deich a chlog. Beidh tuirse orm agus titfidh mé i mo chochlach láithreach.